**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000064/2017**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Vilija Blinkevičiūtė**
, thar ceann An Coiste um Cearta na mBan agus Comhionannas Inscne

Ábhar: VP/HR - Deireadh a chur le pósadh leanaí

I dtíortha i mbéal forbartha, pósann cailín amháin as triúr sula bhfuil aois 18 mbliana bainte amach aici, agus pósann cailín amháin as naonúr roimh 15 bliana d'aois. Bíonn tionchar ag pósadh leanaí ar chailíní agus ar bhuachaillí araon, ach is cailíní – arb ionann iad agus 82 % de leanaí pósta – is mó atá i mbaol. Ní bhaineann an fhadhb le tríú tíortha amháin, ach leis an Eoraip freisin.

De réir Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), déanfaidh AE cearta an linbh a chur chun cinn, ach is sárú ar na cearta sin pósadh leanaí, an luathphósadh agus an pósadh éigeantais. Ceann amháin de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFIanna) is ea cleachtais dhíobhálacha, lena n-áirítear pósadh leanaí, an luathphósadh agus an pósadh éigeantais a dhíothú. San am céanna, tá deireadh a chur le pósadh leanaí, leis an luathphósadh agus leis an bpósadh éigeantais luaite mar cheann de thosaíochtaí oibre AE sa Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach dar teideal 'maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020', i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine 2015-2019 agus i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le Comhionannas Inscne 2016-2020, agus leagann siad béim ar an ngá go mbeadh mná agus cailíní in ann gach ceann de chearta an duine agus de na saoirsí bunúsacha a theachtadh. Chinn AE le déanaí Coinbhinsiún Iostanbúl a shíniú, a bhfuil an pósadh éigeantais aitheanta ann mar chineál foréigin in aghaidh na mban agus a mholann go leathnófar a bhearta chuig buachaillí agus fir, mar is féidir leo a bheith curtha faoi phósadh éigeantais freisin. Éilíonn an Coinbhinsiún go ndéanfaí gníomh coiriúil den ghníomh leanbh a chur faoi phósadh éigeantais agus leanbh a mhealladh go tír eile le hiallach a chur air nó uirthi pósadh.

Sa bhreis air sin, is minic go mbíonn brídeacha leanaí torrach go luath ina bpósadh agus go mbíonn siad torrach go minic, agus is iomaí uair a tharlaíonn aimhréidheanna a bhféadfadh bás teacht astu.

1. Cén chaoi a ndéanann an Coimisiún measúnú ar thionchar na dtionscadal agus na bhfeachtas a bhfuil sé mar aidhm acu pósadh leanaí a chomhrac, agus ar an leibhéal cistiúcháin don chuspóir seo i ngníomhaíocht sheachtrach uile AE? An gcuireann an Coimisiún táscairí maidir le pósadh leanaí san áireamh ina gcuid comhaontuithe comhair agus an gcuireann sé tagarmharcanna sonracha ar fáil chun an feiniméan seo a dhíothú?

2. Cad iad na bearta atá á ndéanamh chun cosaint do chearta agus do shláinte na leanaí uile i mBallstáit AE a áirithiú (lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe) a mhéid a bhaineann le pósadh leanaí agus le caighdeáin aontaithe dlí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear d'fhonn go ndéanfadh AE Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú?

3. Cén chaoi a bhfuil an Coimisiún agus na Ballstáit ag dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le pósadh leanaí, go háirithe maidir le dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn ar leanaí iad?

Curtha síos: 31.8.2017
Curtha ar aghaidh: 4.9.2017
Spriocam le haghaidh freagra: 11.9.2017